

Eleathanach223

Dé Luain 25 Eanáir 2016

Stoirm sneachta ar chósta oirthir Mheiriceá

Thit dhá through de shneachta thar oíche Dhomhnaigh in Washington, i Nua Eabhrac, agus i gcathracha eile ar chósta an oirthir i Meiriceá.

Ar an drochuair fuair 19 duine bás den fhuacht agus ní raibh aon duine in ann taisteal in eitleáin, i gcarranna, ná i dtraenacha.

Ba í an stoirm ba mhó í riamh in Washington agus gan amhras bhí an Teach Bán an-bhán ar fad agus é clúdaithe le brat bán sneachta!



Cluiche Iontach Sacair

Dé Sathairn seo caite bhí cluiche an-bhreá sacair i Sasana idir Norwich agus Learpholl. Bhí Norwich ag imirt sa bhaile.

Scóráil Learpholl an chéad chúl ach ansin fuair Norwich cúl. Fuair Norwich dhá chúl eile; fuair an tÉireannach Wes Hoolahan ceann acu nuair a scóráil sé cic éirice. Ach tháinig Learpholl ar ais láithreach agus go luath bhí siad chun tosaigh leis an scór 3 - 4.

Bhí bainisteoir Learphoil - Jurgen Klopp - ar buile nuair a d'fhógair an ceathrú maor (an maor ama) go raibh cúig nóiméad d'am cúitimh le himirt.

Bhí sé ar deargbhuile nuair a fuair Norwich cúl sa dara nóiméad den am breise sin. Ach sna soicindí deireanacha den chluiche fuair Learpholl cúl eile!

Chríochnaigh an cluiche iontach seo leis an scór 4 - 5. Bhí Jurgen Klopp ag damhsa agus ag léim ansin le háthas, agus bhris sé a spéaclaí!

The Voice Of Ireland

Bhí *The Voice of Ireland* ar siúl oíche Dhomhnaigh. Bhí go leor iomaitheoirí maithe ar an gclár.

Chan Kelesa Mulcahy ar an gclár. Bhí sí sa bhanna ceoil *Minx*. Chan an banna ceoil in éineacht le *Liberty X* agus le *Blue*. Tá Kelesa 34 bliain d'aois. Tá aithne aici ar Kian. Is as Contae Shligigh í. Bhí sí ar fheabhas.

Chas na moltóirí ar fad timpeall! Roghnaigh Kelesa Kian agus tá sí anois ar a fhoireann! Bhí an-áthas ar Kian Egan! Bhí díomá ar Bressie, Rachel agus Úna!

